# Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23 ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 ar Thuarastail agus Chostais an tÚdarás Clárucháin Maoine

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas;

**Ráiteas faoi Dhímheas Sócmhainní Caipitil**

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas ar bhonn líne dírí thar a dtréimhse mheasta úsáideachta ag tosú an mhí a thosaigh sa tseirbhís.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm san Údarás Clárúcháin Maoine

**John O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Clárúchain Maoine
15 Márta 2012

# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 23: an tÚdarás Clárúcháin Maoine le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
25 Iúil 2012

# Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine
# Cuntas Leithreasa 2011

| Seirbhís | | 2011 Suim soláthraithe sa mheastachán | 2011 Toradh | 2010 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Riaracháin** | | | | |
| A.1. | Tuarastail, pá agus liúntais | 27,138 | 26,046 | 26,831 |
| A.2. | Taisteal agus cothú | 124 | 97 | 97 |
| A.3. | Costais theagmhasacha | 4,309 | 3,749 | 4,672 |
| A.4. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,450 | 794 | 932 |
| A.5. | Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara | 2,742 | 1,436 | 3,004 |
| A.6. | Costais áitreabh oifige | 580 | 696 | 832 |
| A.7. | Seirbhísí comhairleoireachta | 55 | 20 | 33 |
| | **Olliomlán** | **36,398** | **32,838** | **36,401** |
| A.8. | **Bain de Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,226** | **1,355** | **1,402** |
| | **Glaniomlán** | **35,172** | **31,483** | **34,999** |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€3,688,530** | **€3,749,588** |

## Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 32,838 | 36,401 |
| **Olliomlán** | | | 32,838 | 36,401 |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 1,355 | 1,402 |
| **Glaniomlán** | | | 31,483 | 34,999 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin | | (222) | | |
| Dímheas | | 3,772 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 7 | 3,557 | 1,639 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | 27 | | |
| Meadú ar stoc | | (23) | | |
| | | | 4 | (77) |
| **Caiteachas díreach** | | | 35,044 | 36,561 |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | **1.1** | | 5,481 | 5,394 |
| Measchíosanna | | | 2,385 | 3,463 |
| **Costas oibriúcháin** | | | **42,910** | **45,418** |

### 1.1 Glanseirbhísí Comhghuaillithe

Déantar suas an t-ollchaiteachas do sheirbhísí comhghuaillithe ó na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 23 a sheastar áit eile

| Vóta | | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 4,030 | 3,724 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,206 | 1,419 |
| 19 | Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 245 | 251 |
| | | **5,481** | **5,394** |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | **2.1** | 6,802 | 10,388 |
| | | **6,802** | **10,388** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | **2.3** | 323 | 300 |
| Réamhíocaíochtaí | | 635 | 611 |
| Ioncam fabhraithe | | — | 34 |
| Iarmhéideanna eile dochair | **2.4** | 556 | 129 |
| Glandliteanas ón Státchiste | **2.6** | 483 | 250 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,997** | **1,324** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | **2.2** | 330 | (351) |
| Costais fhabhraithe | | 157 | 169 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | **2.5** | 709 | 730 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,196** | **548** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 801 | 776 |
| **Glansócmhainní** | | **7,603** | **11,164** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | | **7,603** | **11,164** |

## 2.1 Ráiteas faoi shocmhainní caipital

| | Trealamh oifige €000 | Troscán agus feistis €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | 40,329 | 4,312 | 44,641 |
| Breiseanna | 168 | 25 | 193 |
| Diúscairtí | (615) | (155) | (770) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 39,882 | 4,182 | 44,064 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | 30,451 | 3,802 | 34,253 |
| Dímheas don bhliain | 3,653 | 119 | 3,772 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (609) | (154) | (763) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | 33,495 | 3,767 | 37,262 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | **6,387** | **415** | **6,802** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | **9,878** | **510** | **10,388** |

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim
ag 31 Nollaig

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgid tirim | 198 | 473 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (528) | (122) |
| | (330) | 351 |

## 2.3 Stoic
ag 31 Nollaig

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 151 | 100 |
| Soláthairtí Ilghnéitheacha | 18 | 17 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 154 | 183 |
| | 323 | 300 |

## 2.4 Iarmhéideanna eile dochair
at 31 Nollaig

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Fionraí | 533 | 32 |
| Airleacain don OOP | 18 | 94 |
| Óinchiste | 5 | 3 |
| | 556 | 129 |

## 2.5 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| at 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 343 | 257 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1 | 1 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 160 | 219 |
| Cáin Bhreisluacha | 21 | 58 |
| | 525 | 535 |
| Asbhaintí den phárolla | 184 | 195 |
| | 709 | 730 |

## 2.6 Glandliteanas ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 3,688 | 3,749 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (4,171) | (3,999) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (483) | (250) |
| **Arna léiriú le** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair | 556 | 129 |
| | 556 | 480 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Glanseasamh agus airgead tirim PMG | (330) | 351 |
| Dlite don Stát | (525) | (535) |
| Iarmhéideanna creidmheasa | (184) | (195) |
| | (1,039) | (730) |
| | (483) | (250) |

## 2.7 Ceangaltais

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais Uilíocha** | | |
| Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí | 104 | 133 |

## 2.8 Dliteanais aibithe

B'ionann na dliteanais aibithe measta nár fuasclaíodh ag deireadh na bliana agus €732 (2010 - €1,452.

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh .

| Fo-theideal | Níos lú (níos mo) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.4. | 656 | Lean an ÚCM den nuachóiriú ar a shocruithe teileafóin ar bhonn leanúnach, agus mar thoradh air sin sábháladh méid suntasach airgid. De bhreis air sin, laghdaigh an méid gníomhaíochta ó thaobh postais de sa bhliain 2011. |
| A.5. | 1,306 | Tharla an gannchaiteachas sa mhéid nach raibh aon mhórthionscadail chaipitil TF idir lámha sa bhliain 2011. |

# 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| Fáltais ó asbhaintí um pinsin as luach saothair seirbhíse phoiblí | 1,226 | 1,355 | 1,402 |

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| Táillí Chlárlann na Talun | 24,000 | 23,330 | 28,646 |
| Taillí Chlárlann na nGníomhas | 2,000 | 1,359 | 1,733 |
| Taillí Bhunchíosanna | 100 | 77 | 83 |
| | 26,100 | 24,766 | 30,462 |

**Nóta Eolais:** Lean an t-ioncam táille air de bheith ag dul i meath i 2011 de thairbhe leibhéil níos ísle gníomhaíochta sa mhargadh réadmhaoine.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana** | 573 | 586 |
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 24,481 | 24,932 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | — | (3) |
| Liúntais eile | 86 | 79 |
| Ragobair | 153 | 479 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,326 | 1,344 |
| **Pá iomlán** | 26,046 | 26,831 |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 | Uasíocaíocht aonair 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | — | — | — | — |
| Liúntais eile | 44 | — | 7,870 | 7,879 |
| Ragobair | 32 | 2 | 13,075 | 13,905 |

**Nóta:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin

## 6 Íocaíocht Chúitimh

Déantar gach teideal atá cláraithe sa Chlár Talún a ráthú ag an Stát. Déanann Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964, soláthar d'íocaíocht chúitimh do dhuine a chuireann caillteanas as dó trí bheith ag brath ar an gClár sa chás nach spreagtar an caillteanas, nó nach gcuirtear go mór leis, ag gníomh, neamart nó loiceadh an duine féin nó a ghníomhaire. San iomlán íocadh dhá íocaíocht chúitimh is tríocha (27 - 2010) le suim iomlán de €208,627 i 2011 (2010 - € 167,557).